

**Bord na Gaeilge
Coláiste na hOllscoile Corcaigh**

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2006 - 2007**

CLÁR

- 1. Tuarascáil Bhliantúil - *Leagan Gaeilge* **Ich****
- 1.1 Comhthéacs
- 1.2 Buaiceanna na Bliana
- 1.3 Míneolas
- Annual Report - English Version*
- 1.1 Context
- 1.2 Main achievements
- 1.3 Statistics
- 2. Riar Gnóthaí**
- 2.1 Ballraíocht an Bhoird
- 2.2 Ballraíocht Choiste Gnó an Bhoird
- 2.3 Foireann Ionad na Gaeilge Labhartha
- 2.4 Doiciméad Polasaí
- 2.5 Léaráid Foirne
- 3. Aguisíní / Appendices**
- 3.1 Cúrsaí sa Ghaeilge Labhartha : figiúirí 2006 - 2007
- 3.2 Cúrsaí sa Ghaeilge Labhartha : 2006 –2007 figures
- 3.3 Táblaí / Charts :
1. Líon na bhfoghlaimeoirí
2. Uaireanta an chloig teagaisc
3. Scoláireachtaí Gaeltachta

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006 – 2007

1.1 Comhthéacs

Tá téarmaí tagartha Bhord na Gaeilge leagtha síos i staitiúidí XCV agus CXL de chuid Staitiúidí Choláiste na hOllscoile Corcaigh. Is coiste staitiúideach é An Bord de chuid an Choiste Rialaithe. Ghlac Coiste Rialaithe COC leis an gcáipéis pholasaí de chuid an Bhoird “*Cur chun cinn na Gaeilge i saol an Choláiste*” ar 23 Aibreán 1996. Bunaíodh spriocráiteas an Ionaid ar an ndoiciméad céanna polasaí. Tá ceithre mhír aidhme sa spriocráiteas mar atá :

- *an Ghaeilge a chur chun cinn go cruthaitheach in COC agus in Éirinn faoi réir ag airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann (1937), ag Acht na nOllscol (1997), ag Acht na dTeangacha (2003) agus ag Comhaontú Bhéal Feirste (1998)*
- *cláir teanga sa Ghaeilge labhartha agus fheidhmeach a thairiscint ag an uile leibhéal líofachta san ollscoil agus ag na leibhéil chuí sa Ghaeltacht i gcomhthéacs institiúid na hollscolaíochta Gaeilge*
- *cur ar chumas daoine bheith páirteach i dtimpeallacht thacúil, dhátheangach a bhfuil scéimeanna agus gréasáin Ghaeilge agus gníomhaíochtaí cultúrtha mar chuid lárnach di*
- *a chinntiú go dtagann na seirbhísí teanga uile faoi anáil taighde agus na gcleachtas is fearr i réimse leathan an tsealbhaithe teanga*

1.2 Buaiceanna na Bliana

- Mhéadaigh líon na mac léinn a d’fhreastail ar chláir teanga in Ionad na Gaeilge Labhartha go dtí 1,992. Tá méadú 100% déanta ar líon na mac léinn ón mbliain 2000 i leith (932).
- Tá isteach is amach le 4,000 mac léinn ag freastal ar chúrsaí agus ar gníomhaíochtaí teanga éagsúla an Ionaid. Is ionann an líon so agus an ceathrú cuid geall leis de líon iomlán na mac léinn a fhreastalaíonn ar Choláiste na hOllscoile Corcaigh.
- Cuireadh le chéile ar a laghad 93 ghrúpa foghlama teanga san Ionad nó i gcomhar leis an Ionad. Múineadh cúig cinn bhreise de chúrsaí teanga i Roinn na Nua-Ghaeilge.
- Bhí an rath ar na scéimeanna agus ar na gníomhaíochtaí sin teanga atá go hiomlán faoi choimirce Bhord na Gaeilge. D’fhreastail breis agus 1,400 duine orthu mar seo leanas :

Gníomhaíocht	Rannpháirtithe
Clár teanga na dteaghlach foirne	46
Scéim na scol	19 (11 mheánscoil)
Léachtaí poiblí agus imeachtaí an tseomra caidrimh	1,250
Líonadh na Bearna	90
Iomlán :	1,405

- Cuireadh uirioll i leith Institiúid na hOllscolaíochta Gaeilge le chéile. Ghlac Bord na Gaeilge, na ceithre choláiste san ollscoil agus an coiste rialaithe leis an uirioll.
- Faoi réir ag forálacha Acht na dTeangach Oifigiúla (14 Iúil 2003), d’ullmhaigh meitheal teanga COC scéim teanga trí bliana 2006 – 2009, do ghlac an ollscoil léi agus do sheol an tUachtarán Micheál Ó Murchú í ar 18 Bealtaine 2007.
- D’éirigh leis an Ionad ceithre phost teagaisc a chruthú agus a líonadh. Líonadh leis post an teagascóra – bainisteora i nDún Chíomhain.
- Cuireadh an chéad chúrsa riamh san aistriúchán ar siúl san Ionad. Mar ullmhú don chéad fhoclóir Béarla-Gaeilge eile sa Ghaeilge, d’eagraigh Foras na Gaeilge i gcomhar leis an Ionad seimineár trí lá san ollscoil a bhain leis an bhfoclóireacht ghairmiúil. Lean an méadú ar éileamh ar an tseirbhís aistriúcháin i gcaitheamh na bliana agus ceannaíodh an bhogearraíocht TRADOS chun tuilleadh cúnaimh a thabhairt.
- Deineadh athchóiriú, athphéinteáil agus athnuachan ar an seomra teagaisc G01, ar an seomra caidrimh agus ar Dhún Chíomhain.
- Bunaíodh Ionad Cónaithe Gaeilge COC mar chuid de Bhrú na Laoi sa bhliain 1993. Chun cur lena fhás agus lena fhorbairt, beartaíodh i mbliana ar an Ionad a aistriú go dtí Brú na hOllscoile, Crosaire Victoria. Athainmníodh an tIonad mar Áras Uí Thuama i gcuimhne ar an Iar-Ollamh Seán Ó Tuama.

Osradharc ar chláir teanga

Tá príomhchláir teanga, gréasáin agus gníomhaíochtaí an Ionaid i dteannta a líon foghlaimeoirí agus rannpháirtithe, roinnte faoi thrí mhír mar seo leanas :

1. cláir teanga idir ghinearálta agus acadúil,
2. gréasáin, scéimeanna, gníomhaíochtaí cultúir,
3. cúrsaí deireadh seachtaine sa Ghaeltacht.

I Cláir teanga idir acadúil agus ghinearálta

1. Mic léinn fochéime, iarchéime agus lánfhásta	182
2. Mic léinn iarchéime an Ard-Teastais in Oideachas	64
3. Eachtrannaigh :	
i) mic léinn JYA Mheiriceá, Erasmus, Socrates, Tempus	303
ii) Ollscoil La Coruna na Spáinne	06
iii) mic léinn Ruhr Universität Bochum, An Ghearmáin.....	10
mic léinn Ruhr Universität Bochum, An Ghearmáin i nDún Chíomhain.....	11
iv) Ollscoil Krakow, An Pholainn	70
v) fíorthosnaitheoirí an Choláiste Leighis.....	06

4. Mic léinn dara leibhéal f.ch. Oifig na Rochtana	80
5. Diplóma sna hEalaíona (An Ghaeilge Fheidhmeach) (GA1040)	15
6. BCL Dlí le Gaeilge (GA2010)	09
7. Scileanna Ríomhaireachta :	
i) bunscileanna.....	08
ii) meánsbileanna.....	10
iii) daltaí an chláir “Líonadh na Bearna”	90
iv) “Clár Dubh” don Fhoireann Teagaise	50
v) foghlaimoirí leanúnacha.....	20
8. Fochéimithe Roinn na Nua-Ghaeilge, Bliain I.....	100
9. Foireann :	
i) COC	40
ii) Oiliúint ghairmiúil na foirne reatha/nua, COC	60
10. Cúrsaí “ab initio”, deich, fiche seachtain don Phobal	430
11. Modheolaíocht mhúinte teanga :	
i) Dhá ghrúpa múinteoirí	34
ii) Trí ghrúpa eile	06
iii) Múinteoirí Comhrá Roinn na Nua-Ghaeilge	08
iv) Coláistí Samhraidh	120
12. i) Úsáid Chruinn na Gaeilge	15
ii) Iriseoireacht Ghairmiúil	10
iii) Aistriúchán	12
iv) Mic léinn (T)EFL	60
13. Pobalscoil an Daingin	13

Fo-iomlán : 1,992

* (1,835) [méadú 9%]

II Gréasáin, Scéimeanna, Gníomhaíocht Chultúrtha

1. Scoláireachtaí Gaeltachta	162
2. Ionad Cónaithe Gaeilge (41 iarratasóir)	27
3. Clár Teanga na dTeaghlach Foirne	46
4. Scéim na Scol	19
5. Léachtaí Poiblí, Féilte, Fáiltithe, Coirmeacha Ceoil, Seoltaí Leabhar	1,250
6. Úsáideoirí rialta an tSeomra Caidrimh	200
	Fo-iomlán : 1,704

III Cúrsaí Eile

1. Cúrsaí deireadh seachtaine i nDún Chíomháin, nár cuireadh san áireamh thuas....	168
	Fo-iomlán : 168
	Iomlán : 3,864

* (3,669) [méadú iomlán 5%]

**Iomláin na bliana 2005 – 2006*

Léachtaí, Seimineáir, Comhdhálacha

Ba í an Ghaeilge labhartha an ghné chomónta a bhain leis na himeachtaí éagsúla a thionóil an tIonad taobh istigh agus taobh amuigh den ollscoil i gcaitheamh na bliana. Cuireadh sraith na léachtaí poiblí ar siúl comhthreormhar le sraith léachtaí an chúrsa dioplóma. Cuirtear i láthair anso thíos sampla coimrithe ionadaíoch de na gníomhaíochtaí éagsúla ar fad a bhí sa treis :

- **Sheol Máiréad Ní Loingsigh COC**
Spraoi Cois Laoi 2006
Óstán Oriel, Baile an Chollaigh
27 Samhain 2006
- **Oíche Mhór na gCúrsaí Pobail**
300 duine, Teaspáinteas ag Cúig Eagrais Gaeilge
Aoichainteoir : Maidhc Dainín Ó Sé
Óstán Ambassador, Corcaigh
14 Nollaig 2006
- Sé sheimineár i modheolaíocht mhúinte teanga
Múinteoirí Lae/Oíche an Ionaid
Múinteoirí na gColáistí Samhraidh
Pól Ruiséal, Brian Ó Donnchadha
02 Deireadh Fómhair 2006, 23 Deireadh Fómhair 2006, 02 Meitheamh 2007,
04 Meitheamh 2007, 29 Meitheamh 2007, 23 Iúil 2007
- **Comhdháil Domhanda**
Teicneolaíocht na Faisnéise
Óstán Intercontinental
Beirlín na Gearmáine
Ciarán Dawson
29 Samhain - 2 Nollaig 2006
- **Fionnán Ó hÓgáin, Údarás na Gaeltachta**
“Forbairt tionsclaíochta i gcomhthéacs na Gaeilge agus na Gaeltachta”
23 Eanáir 2007

- Sheol An tUachtarán Micheál Ó Murchú Scéim Teanga COC 2006 – 2009
17 Bealtaine 2007
- **Pádraig MacFhearghusa** Eagarthóir “*Feasta*”
“*Scileanna iriseoireachta agus clódoireachta don bhfoilsitheoireacht deisce*”
30 Eanáir 2007
- **Deasún Mac Éil**
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
“*Saol agus saothar George Boole*”
30 Eanáir 2007
- **Pádhraic Ó Ráighne** TG4
(i) “*TG4 – deich mbliana ar an bhfód*”
(ii) “*TG4 – an chéad ré eile ar lic na táirsí chugainn*”
13 Márta 2007
- **Colm Henry**
Comhairleoir Leighis
“*An Ghaeilge agus an Leigheas*”
20 Márta 2007
- **Nuala de Búrca**
(i) Cúig eagrán den Nuachtlitir “*Bhuel*”
2006 – 2007
(ii) Comheagraí an Ionaid Chónaithe Gaeilge
(iii) Ina comhairleoir Gaeilge, **Nuacht UCC**, iris ollscoile
- **Scoláireacht Uí Ríordáin**
(urraithe ag Bord na Gaeilge)
Bronnta ar Cholm Ó Donnchú
Gaelscoil Uí Ríordáin
An tUachtarán **Micheál Ó Murchú**
18 Bealtaine 2007
- Grúptheagasc mar chuid de dhá chlár gníomhaíochta
i) **Líonadh na Bearna**, 90 dalta bunscoile
ii) **Rochtain COC**, 80 dalta meánscoile
Comheagraí : Ciarán Dawson
Meitheamh 2007
- **Lá Oiliúna sa Ríomhaireacht**
Cainteoirí : Cearbhall Ó Colmáin
Nuala de Búrca
Ciarán Dawson
10 Samhain 2006
- **Gradam na Gaeilge**
(urraithe ag Banc na hÉireann)
Bronnta ar Ghráinne Ní Laoithe, Éadbhard Ó Luanaigh
ag Vivian Cremin thar ceann an Bhainc

3 Bealtaine 2007

- **Ciarán Dawson**

- i) “*Blackboard, blaganna, vicithe ag tacú leis an bhFoghlaim*”
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
27 Samhain 2006
- ii) “*An Ghaeilge sa saol comhaimseartha*”
Cúrsa seachtaine do mhic léinn dochtúireachta
Ollscoil La Coruna na Spáinne
5 – 12 Bealtaine 2007
- iii) “*Comparáid Teangeolaíoch idir an Spáinnis agus an Ghaeilge*”
Seimineár : **Roinn na Spáinnise**
16 Feabhra 2007
- iv) “*Úsáidí Blackboard chun teagaisc agus chun forbartha*”
Seimineáir sa Chlár Oiliúna don Fhoireann Acadúil
Samhain – Márta, 2006 – 2007
- v) Cúrsa Seachtaine
Ollscoil Bochum (RUB) na Gearmáine
16 – 23 Meitheamh 2007
- vi) “*An Ghaeilge inniu*”
Mic léinn T(EFL)
12 Iúil, 23 Lúnasa 2007
- vii) Comheagraí : Líonadh na Bearna
14 Meitheamh 2007
Clár Rochtana
11 – 15 Meitheamh 2007
Comhdháil na Foclóireachta
11 – 13 Meán Fómhair 2007
- viii) Dhá sheimineár d’Fhoireann Nua COC
9 Samhain 2006
8 Márta 2007
- ix) Comhdháil : “*Languages for social cohesion*”
Páipéar, Graz, An Ostair
27 – 29 Meán Fómhair 2007

- **Claire Ní Mhuirthile**

- i) riaradh an : Ionaid Chónaithe Gaeilge,
 - Scéim na Scol,
 - Dhún Chíomhain,
 - Scéim na dTeaghlach
 - Gradam na Gaeilge
- ii) eagrú theaspáinteas Lá na Féile Bríde
1 – 10 Feabhra 2007
- iii) tuairisc bhliantúil 2006-7
Sláinte agus Sábháilteacht
Ionad na Gaeilge Labhartha
- iv) scrúdaitheoir i labhairt na Gaeilge
Cumann Tráchtála Chalafort an Chóibh
Clár Teangacha na Meánscol
16 Eanáir 2007

- **Seán Ó Laoi**

- i) mhúin dhá chúrsa dheich seachtaine
 - Iriseoireacht ghairmiúil na Gaeilge
 - Úsáid chruinn na teanga
 - ii) cúntóireacht i réimse an aistriúcháin
 - iii) riaradh chúrsaí teanga na foirne
 - iv) ullmhú chreatlach an chúrsa dioplóma san iriseoireacht
- **Brian Ó Donnchadha**
 - i) riaradh an Aonaid Aistriúcháin
 - ii) seimineár don bhFoireann Nua :
 - “*Seirbhísí Gaeilge COC*”
 - 28 Meán Fómhair 2007**
 - iii) páirt a ghlacadh in ceithre chomhdháil ar aistriúchán gairmiúil
 - iv) thug trí sheimineár, múinteoirí na gColáistí Samhraidh
 - Samhradh 2007**
 - v) mhúin cúrsa nua i mbunscileanna an aistriúcháin
 - **Cearbhall Ó Colmáin**
 - i) comhairleoir ríomhaireachta do mhic léinn agus don fhoireann Ghaeilge
 - ii) eagrú agus múineadh cúrsaí sa ríomhaireacht Ghaeilge
 - iii) comhairleoir ríomhaireachta
 - Comhdháil na Foclóireachta
 - 11 – 13 Meán Fómhair 2007**
 - **Marian Ní Shúilliobháin**
 - i) Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta 2007
 - Cainteoirí, ceoltóirí, múinteoirí Gaeltachta
 - ii) Riaradh príomhchlár teanga :
 - cúrsaí oíche an phobail (430 foghlaimeoir)
 - fíorthosnaitheoirí, modúil GA1120 (303 foghlaimeoir), GA1121 (64 foghlaimeoir)
 - cúrsaí d’ábhair mhúinteoirí
 - cúrsaí deonach don uile mhac léinn (182 foghlaimeoir)
 - iii) Scoláireacht Uí Ríordáin
 - **Pól Ruiséal**
 - i) riaradh an chúrsa dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach
 - ii) rúnaíocht an Choiste Gnó agus Bhord na Gaeilge
 - iii) Seimineár : “*Scileanna teagaisc do chúrsaí comhrá*”
 - Teagascóirí : Roinn na Nua-Ghaeilge
 - 24 Deireadh Fómhair 2006**
 - iv) Cúrsa Seachtaine
 - Grúpa Fíorthosnaitheoirí
 - Ollscoil Krakow
 - An Phólainn
 - 23 – 30 Bealtaine 2007**
 - v) Seimineár : “*Ról Ionad na Gaeilge Labhartha*”
 - Foireann Acadúil Roinn na Sibhialtachtaí Comparáideacha
 - Ollscoil Krakow
 - 25 Bealtaine 2007**
 - vi) Léacht Phoiblí : “*An Ghaeilge sa 21ú Aois*”
 - Leabharlann Réigiúnach Krakow
 - 26 Bealtaine 2007**

- vii) Ina bhall de :
Coiste Stiúirthóirí Áras na Díge
Coiste Scéim Teanga COC

Margaíocht agus Caidreamh Poiblí

Cuireadh an-bhéim ar mhargaíocht na gclár staidéir agus ar an gcaidreamh poiblí trí chéile i gcaitheamh na bliana. Chabhraigh an cur chuige seo le maoiniú seachtrach a fháil (Roinn na Gaeltachta, An tÚdarás um Ard-Oideachas) agus chinntigh go mbeadh ardshuim sna cúrsaí a bhí á dtairiscint. Chabhraigh an nuachtlitir, an fiseán fógraíochta agus feachtais ghearra fógraíochta sna nuachtáin leis an bhfeachtas margaíochta.

Bhí an tIonad chun tosaigh i gcónaí i gcur chun cinn an chláir in oiliúint teagaisc do mhúinteoirí na gColáiste Samhraidh, don fhoireann acadúil agus in obair ghrúpa úsáideoirí Blackboard.

Tionóladh cruinnithe go rialta le coistí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhain le neartú na Gaeilge agus na mionteangacha. Tugadh agallaimh do nó fuarthas cabhair nár bheag ó stáisiúin raidió agus teilifíse de leithéid TG4, RTÉ 1, 96FM, Raidió na Gaeltachta, Raidió Campus COC. Cuireadh cainteoirí ar fáil do nuacht Raidió na Gaeltachta agus do nuacht TG4.

Foilsíodh ailt a scríobh foireann an Ionaid as Gaeilge agus as Béarla, i scata nuachtán agus irisí (*Saol, Feasta, Foinse, Lá, Céimí UCC, Nuacht UCC, Irish Times, Sunday Tribune, Irish Examiner, Sunday Independent*).

Eisíodh nuachtlitir an Ionaid “*Bhuel*” go rialta agus cuireadh timpeall í go dtí na mic léinn agus an fhoireann. Scaipeadh an tuarascáil bhliantúil go fairsing in Éirinn agus thar lear. Múineadh cúrsaí Gaeilge in Ollscoileanna Krakow sa Pholainn, Bochum sa Ghearmáin, La Coruna sa Spáinn.

Chríochnaigh meitheal acht na dteangacha Scéim Teanga COC 2006 – 9 agus sheol an tUachtarán Micheál Ó Murchú í ar 17 Bealtaine 2007.

Chabhraigh suíomh idirlín an Ionaid go mór le himeachtaí na Gaeilge chomh maith. Críochnaíodh athdhearadh a bhí á dhéanamh ar an suíomh. Ceapadh eagarthóir ar an suíomh agus cuireadh béim ar an eolas a choimeád cothrom le dáta an lae.

(suíomh an Ionaid : <http://www.ucc.ie/ucc/igl/>)

TUAIRISC MHION ar IMEACHTAÍ AN BHOIRD 2006 - 2007

1.3 MIONEOLAS

Tionóladh dhá chruinniú den Bhord agus ceithre chruinniú de Choiste Gnó an Bhoird.

1. CÚRSAÍ GAEILGE 2006 - 2007

A. CÚRSAÍ DEONACHA GAEILGE

(do mhic léinn nach raibh an Ghaeilge mar ábhar scrúdaithe acu)

182 mac léinn, 8 ngrúpa, 14 seachtaine, *i.e.* 112 uair an chloig san iomlán.

B. CÚRSA DO MHIC LÉINN AN A.T.O.

(mar ullmhú le haghaidh scrúdú an Teastais Ghaeilge do Mhúinteoirí Iarbhunskoile)

62 mac léinn, 3 ghrúpa, 15 seachtaine, 45 uair an chloig san iomlán.

C. CÚRSA DO THOSNAITHEOIRÍ

- i) GA1120 : 266 mac léinn, 12 ghrúpa, 9 seachtaine, 3 huair an chloig sa tseachtain, 324 uair an chloig
- ii) GA1121 : 37 mac léinn, 2 ghrúpa, 12 sheachtain, 4 huair an chloig sa tseachtain, dianchúrsa deireadh seachtaine, 4 huair an chloig, 100 uair an chloig
- iii) 06 mac léinn, 1 ghrúpa, Ollscoil La Coruna na Spáinne, 20 uair an chloig
- iv) 15 mac léinn, 1 ghrúpa, Ruhr Universität Bochum, An Ghearmáin, 10 n-uair an chloig
- v) Modúl do Thosnaitheoirí Leighis, 6 mac léinn, 1 ghrúpa, 25 seachtaine, 1 u. an chl. sa tseachtain, 25 uair an chloig
- vi) 15 mac léinn, 1 ghrúpa, Ollscoil Krakow na Pólainne, 8 n-uair an chloig *i.e.* 487 uair an chloig san iomlán

D. CÚRSAÍ TEANGA

Roinn na Nua-Ghaeilge

- i) Bliain I: 100 mac léinn, 5 ghrúpa, 5 uair an chloig sa tseachtain, 24 seachtain, 130 uair an chloig
- ii) Bliain II: BCL Dlí le Gaeilge, 9 mac léinn, 1 ghrúpa, 1 uair an chloig, 12 seachtain, 12 uair don chloig, 132 uair an chloig san iomlán

E. CÚRSAÍ DON FHOIREANN

- i) 40 foghlaimeoir, 2 ghrúpa, 15 seachtaine, 30 uair an chloig
- ii) 60 foghlaimeoir, 3 ghrúpa, 4 huair an chloig
Cúrsaí Oiliúna na hAcmhainne Daonna
i.e. 34 uair an chloig san iomlán

F. (i) DIOPLÓMA SNA HEALAÍONA (AN GHAELIGE FHEIDHMEACH) GA1040

- i) 15 mac léinn, 1 ghrúpa, 25 seachtaine, 3 huair an chloig sa tseachtain, 75 uair an chloig
- ii) Cúrsa 2 lá, 8 n-uair an chloig
i.e. 83 uair an chloig san iomlán.

G. **SCILEANNA RÍOMHAIREACHTA**

- i) 08 foghlaimeoir (bunscileanna), 1 ghrúpa, 10 seachtaine, 2 uair an chloig sa tseachtain, 20 uair an chloig
- ii) 10 foghlaimeoir (meánscoil), 1 ghrúpa, 10 seachtaine, 2 uair an chloig sa tseachtain, *i.e.* 26 uaire an chloig
- iii) 50 foghlaimeoir (Blackboard), 1 ghrúpa, leanúnach, 2 uair an chloig sa tseachtain, 8 n-uaire an chloig
- iv) 20 foghlaimeoir, seisiúin chomhairle, leanúnach
- v) 80 foghlaimeoir Rochtana, 8 ngrúpa, 4 lá, 6 u. an chloig sa lá, 24 uair an chloig
- vi) 90 dalta bunscóile, 6 ghrúpa, clár 'Íonadh na bearna', 1 lá, 2 u. an chloig, 12 uair an chloig ar fad
86 uair an chloig san iomlán

H. **CÚRSAÍ OÍCHE SA GHAELGE LABHARTHA DON PHOBAL**

430 foghlaimeoir, 925 uair an chloig

- i) **Cúrsa 20 Seachtain**
 - a) 345 foghlaimeoir, 19 grúpa, 2 uair an chloig sa tseachtain, *i.e.* 760 uair an chloig.
 - b) 25 foghlaimeoir (Fíorthos.), 1 ghrúpa, 4 huair an chloig, *i.e.* 80 uair an chloig
- ii) **Cúrsa 10 seachtaine**

60 foghlaimeoir, 3 ghrúpa, 2 u. an chloig sa tseachtain, *i.e.* 60 uair an chloig
- iii) Dhá sheisiún modheolaíochta, 34 oide, 3 huair an chloig ar fad.
- iv) Seisiún Mhodheolaíochta Eile, 6 foghlaimeoir, 3 ghrúpa, 4 seachtaine, 12 uair an chloig
- v) Coláistí Samhraidh, 4 ghrúpa, 2 uair an chloig, 120 oide, 8 n-uaire an chloig
- vi) Teagascóirí Roinn na Nua-Ghaeilge, 1 seimineár, 1 lá, 8 teagascóirí, 2 uair an chloig

- I.
- i) **Cúrsa san Iriseoireacht**, 08 mac léinn, 1 ghrúpa, 18 seachtaine, 2 uair an chloig, 36 uair an chloig ar fad
 - ii) **Úsáid chruinn na teanga**, 30 mac léinn, 1 ghrúpa, 10 seachtaine, 2 u. an chloig sa tseachtain *i.e.* 20 u. an chloig
 - iii) Mic léinn (T)EFL, 60 duine, 2 ghrúpa, 2 uair an chloig *i.e.* 4 u. an chloig
 - iv) a) Pobalscoil an Daingin, 1 ghrúpa, 13 dhuine, 6 huair an chloig, 5 lá, 30 uair an chloig
b) Mic léinn RUB, 1 ghrúpa sa Dún, 11 duine, 4 huair an chloig, 5 lá, 20 uair an chloig
110 u. an chloig san iomlán

- J.
- i) Múinteoirí nua ar na cúrsaí thuas a chomhairliú agus a oiliúint. Meantóireacht Leanúnach (4 sheimineár, 8 n-uaire an chloig srl.)
 - ii) Freastal ar na gnáthmhúinteoirí
 - iii) Eagrú agus riaradh na gcúrsaí
 - iv) Fáiltiú na gCúrsaí Oíche/Lae, Nollaig 2006, Feabhra 2007

2. DÚN CHÍOMHÁIN

1. Eagrú Chúrsaí Gaeilge

8 gcúrsa deireadh seachtaine do mhic léinn Roinn na Nua-Ghaeilge.
5 chúrsa deireadh seachtaine do mhic léinn Ionad na Gaeilge Labhartha.
9 gcúrsa deireadh seachtaine do mhic léinn na gcúrsaí oíche de chuid an Ionaid.
1 chúrsa seachtaine do Phobalscoil an Daingin
1 chúrsa trí seachtaine / Na Coláistí Samhraidh
1 chúrsa seachtaine do mhic léinn Bochum na Gearmáine
25 chúrsa, 309 mac léinn

2. Saoire Ghaeilge 2007

Teaghlaigh	46 duine
Cúntóirí Teanga	02
Foir. UCC	<u>03</u>
	51

Iomlán ar fad 360 lóistéir sa Dún 2006/2007

Gníomhaíochtaí Áirithe

3. (a) Ceapadh teagascóir-bainisteoir nua, Caitriona Budhlaeir. Plean oibre thrí bliana á leagadh amach don Dún.
- (b) Cothabháil agus Deisiú an Dúna i gcomhar leis an teagascóir-bainisteoir agus le Coiste na bhFoirgintí.
- (c) Tógaint oifige, cóiriú an tí do lucht míchumais, péinteáil an tí agus an Halla lasmuigh.
- (d) Chaith 11 teaghlach foirne agus 4 ball foirne tréimhsí a mhair ó roinnt laethanta go dtí seachtain sa Dún i gcaitheamh na bliana agus go háirithe mar chuid de Scéim Shaoire Ghaeilge na dTeaghlach Foirne.
- (e) Riaradh na gCnuasach Leabhar, Irisleabhar agus Téipeanna.
- (f) Úsáid agus cothabháil na saotharlainne ríomhaireachta APPLE i Halla an Dúna.

3. SCOLÁIREACHTAÍ GAELTACHTA DO MHIC LÉINN

- a) Thug 100 mac léinn tréimhse ar scoláireacht sa Ghaeltacht, Cáisc/Fómhar 2007. Chaith 90 acu seachtain ann, 10 coicíos. 162 ar fad a chuir isteach ar an scéim.
- b) Ina measc bhí mic léinn as Roinn na Nua-Ghaeilge agus mic léinn eile mar seo leanas :

Briseadh síos an 162

Bliain I	37	
Bliain II	17	
Bliain III	19	
Roinn V	68	Mic léinn eile na hollscoile
Roinn VI	21	Mic léinn dioplóma

- c) Ghlac 12 teach muintire páirt sa scéim.
Bhí baill d'fhoireann Ionad na Gaeilge Labhartha i bhfeighil na mac léinn ag eagrú maidin is tráthnóna sraith d'imeachtaí agus de sheimineáir dóibh, ag deighleáil le mná tí agus leis an bpobal áitiúil.

4. CÚRSAÍ / COMHDHÁLACHA INSEIRBHÍSE

D'fhreastail ineadáí/ineadaithe de chuid Ionad na Gaeilge Labhartha ar na comhdhálacha/cúrsaí seo leanas:

- Cúrsa : “*Conas deighleáil le próiseas an athraithe*”, COC
10 Samhain 2006
- Cúrsa dioplóma i múineadh agus i bhfoghlaim san Ard-Oideachas
2006 – 2008
- Lá Oiliúna sa Ríomhaireacht
10 Samhain 2006
- Comhdháil : “*Súil siar agus súil ar aghaidh – deich mbliana de TG4*”,
Ollscoil na hÉireann Gaillimh
25 Samhain 2006
- Cúrsa san Aistriúchán Gairmiúil
f.ch. Antain Mhic Lochlainn
27 Samhain – 1 Nollaig 2006
- Seimineár : “*Úsáid agus cothabháil ríomhairí agus trealamh APPLE MAC*”
28 Márta 2007
- Cúrsaí Leanúnacha
"Dualgais an Athbhreithní Poist"
Téarma 2, 2007
- Comhdháil : “*Úsáid an bhogearra aistriúcháin TRADOS*”
21 Meitheamh 2007
- Seimineár san Aistriú Feidhmeach
27 – 28 Iúil 2007
- Cúrsa Oiliúna do Mhúinteoirí Gaeilge do Dhaoine Fásta
Oideas Gael
7 – 14 Iúil 2007
- Cúrsa in Úsáid Scáileán Digiteach san Oifig

1 Feabhra 2007

- “*Educa Online Berlin*”
Comhdháil Idirnáisiúnta TF(IT)
Óstán Intercontinental Bheirlín
30 Samhain – 2 Nollaig 2006
- “*Foclóireacht na Gaeilge*”
Foras na Gaeilge & Ionad na Gaeilge Labhartha
11 – 13 Meán Fómhair 2007
- Seimineáir le haghaidh Úsáideoirí Blackboard (3)
- Cúrsa athnuachana sa chéad chabhair
Oifig na Sláinte agus na Sábháilteachta

5. BALLRAÍOCHT AR CHOISTÍ/BHOIRD AGALLAIMH (inmheánach/eachtrach)
--

- Bord Agallaimh um theagascóirí-riarthóirí (1)
- Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta
- Scéim an Ionaid Chónaithe
- Oidí Páirtaimseartha in Ionad na Gaeilge Labhartha
- Scrúduithe Béil ar lucht meánscoile, Cumann Tráchtála Chalafort an Chóibh
- Coiste Comhairleach Ceann Roinne

6. AN SEOMRA CAIDRIMH

- i. Úsáid laethúil mar sheomra coiteann foirne
- ii. Gach Máirt : Cruinniú an Ionaid Chónaithe
- iii. Gach Céadaoin : Seisiún ceoil ag am lóin (i gcomhar le Cumann an Cheoil Thraidisiúnta agus leis an gCuallacht)
- iv. Gach Déardaoin : Teacht le chéile ag am lóin ag an gCuallacht
- v. Gach Aoine : Cruinniú an Chumann Drámaíochta
- vi. Úsáid mar ionad cruinnithe dátheangach ag grúpaí na hOllscoile, mar ionad i gcomhair sheoltaí leabhar agus fáiltithe.
- vii. Cruinnithe an Choiste Gnó
- viii. Ranganna Oíche : Sos caife (Luan - Déardaoin 8.00 - 9.00 p.m.) ag na Cúrsaí Oíche Gaeilge agus ag Cúrsaí Oíche eile
- ix. Aire Laethúil – eagrú imeachtaí, gréithre, irisí, seilp leabhar, nuachtáin, péinteáil agus athchóiriú

- x. Seastán do Phreas na Gaeilge agus don Phreas Idirnáisiúnta. Seilpeanna de leabhair Ghaeilge le húdair de chuid COC. Buanteaspáinteas agus Teaspáinteas ar leith péintéireachtaí le healaíontóirí aitheanta.

7. SCÉIM NA SCOL

- 11 mheánscoil Ghaeilge, 6 scoil Ghaeltachta, 9 scoil lán-Ghaeilge
- 3/4 cainteoirí ar gach painéal, 19 cainteoir
- Cuireadh na seisiúin chomhairle ar siúl roimh cheannlá C.A.O. **1 Feabhra 2007**
- Seimineár athbhreithnithe, **21 Márta 2007**

8. IONAD CÓNAITHE GAEILGE

Tá an tIonad Cónaithe ag feidhmiú go héifeachtach ó 1993 i leith. Chun cur lena fhás agus lena fhorbairt, bheartaigh Bord na Gaeilge ar an Ionad a aistriú go dtí Brú na hOllscoile, Crosaire Victoria agus ar é a ainmniú mar Áras Uí Thuama i gcuimhne ar an Iar-Ollamh Seán Ó Tuama.

2006 – 2007 : 30 iarratasóir
2007 – 2008 : 41 iarratasóir

Comheagraí : Nuala de Búrca
Riarthóir : Claire Ní Mhuirthile

Imeachtaí

- Cruinniú Tionscnaimh 10 Deireadh Fómhair 2006
- John Spillane san Ionad 25 Deireadh Fómhair 2006
- Spraoi Cois Laoi, Dinnéar 7 Céilí, Óstán Oriel 27 Samhain 2006
- Tráth Ceist le Liam Mac an Mhaoir, Áras na Mac Léinn 6 Nollaig 2006
- Comórtas Sacair, An Mhairdíg 6 Feabhra 2007
- Kila, Áras na Mac Léinn 8 Márta 2007
- Fáilte agus Bronnadh Scoláireachtaí €460 le Alan Titley 3 Bealtaine 2007
(*D'éirigh le gach áitritheoir*)

2007 – 2008 : 41 iarratasóir : 27 áit
Iomlán : 27 áitritheoir nua

9. AN tSEIRBHÍS AISTRIÚCHÁIN

Fógraí dátheangacha, teidil, cártaí gnó, tuairiscí éagsúla a aistriú do Oifig na bhFoirgintí, An Chlólann, Ranna, Aonaid agus Ionaid Ollscoile. Aistríodh doiciméid agus tuairiscí a tháinig isteach go mórmhór ó Oifig an Chláraitheora, Oifig an Uachtaráin, Oifig na hOidhreachta agus ó Ranna Acadúla. Aistríodh cáipéisí do roinnt eagrais stáit, d'institiúidí tríú leibhéal oideachais, do chomhlachtaí tráchtála as áiteanna ar fud na hÉireann agus tugadh comhairle i leith an aistriúcháin dóibh i gcaitheamh na bliana. Teacht i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla ar 14 Iúil 2006 ba chúis leis an méadú ar ghnó an aistriúcháin.

<u>Institiúid</u>	<u>Líon na dTionscadal</u>
Coláiste na hOllscoile Corcaigh	72
Ollscoil Luimnigh	04
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.....	01
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.....	05
An Phríomh-Oifig Staidrimh.....	08
An Roinn Comhshaoil.....	03
An Roinn Mara & Acmhainní Nádurtha	01
Seirbhísí Oideachais Chiarraí.....	01
Iomlán	95
Teacht Isteach.....	€22,428

Teagascóir – Aistritheoir

Brian Ó Donnchadha

10. SOLÁTHAR ÁBHAR ar dlúthdhiosca agus COTHABÁIL TREALAIMH

- i) c.30 fiseán. 10 dtéip fuaime. 20 dlúthscannán. Cáisíní agus Dlúthdhioscaí.
- ii) Scagadh agus roghnú.
- iii) Abhar na dtéipeanna a scríoptáil, a ullmhú agus a chur i gcomhad.
- iv) Cothabháil theicniúil i leith na gnuasach téipeanna/dlúthdhioscaí (400).
- v) Bailiú ábhair ar dlúthdhiosca/dlúthscannán. Tá na téipeanna fise/fuaime á ndigitiú.
- vi) Trealamh digiteach agus analógach a choimeád agus a chothabháil.
- vii) Fáil agus cothabháil trealamh/troscáin do linn na ríomhairí (20 ríomhaire beag, 16 ghnáthríomhaire idir Apple MAC agus PC).
- viii) Aon seomra ranga leictreonach : Ionad na Gaeilge Labhartha
- ix) Saotharlann ríomhaireachta APPLE i nDún Chíomhain

11. CAIDREAMH POIBLÍ AGUS MARGAÍOCHT

Bhíothas i dteagmháil le breis agus céad eagraíocht Gaeilge, Oideachais, Gnó agus eile ar fud na tíre agus ar fud an domhain i gcaitheamh na bliana. Tá liosta na n-eagraíochtaí ar deineadh teagmháil leo ar fáil in Ionad na Gaeilge Labhartha.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006 – 2007

1.1 Context

The terms of reference of Bord na Gaeilge are those as laid down in statutes XCV and CXL of the Statutes of University College Cork. Bord na Gaeilge functions as a statutory committee of UCC Governing Body. The policy document “*The advancement of Irish in College*” was prepared by Bord na Gaeilge and approved by UCC Governing Body 23 April 1996. The mission statement of Ionad na Gaeilge Labhartha is based on the policy document and contains four main objectives :

- (i) *to promote Irish creatively in UCC and in Ireland in accordance with article 8, The Irish Constitution (1937), provisions of the Universities Act (1997), the Official Languages Act (2003), The Belfast Agreement (1998)*
- (ii) *to offer spoken and applied Irish language programmes to learners at all fluency levels in UCC and at appropriate levels in An Ghaeltacht in the context of the ‘institiúid na hollscolaíochta’ project*
- (iii) *to enable active participation in a supportive bilingual environment which includes Irish language networks, schemes and cultural activities as key components*
- (iv) *to ensure that all services be informed by authoritative research and guided by good practice in the broad process of language acquisition and learning.*

1.2 The year’s main achievements - summary

- The number of students attending language programmes in Ionad na Gaeilge Labhartha reached a total of 1992. A net increase of 100% has been recorded in the Ionad’s student numbers since the year 2000 when the total learner number stood at 932.
- Approximately 4000 students participated in Ionad activities and courses, which figure is equivalent to about one quarter of the total student cohort attending University College Cork.
- Some 93 language learner groups were formed in the Ionad or in co-operation with the Ionad. Some five other language groups were taught by Ionad staff in the department of Modern Irish.
- More than 1400 students attended activities and schemes which fall directly under the aegis of Bord na Gaeilge. The student number distribution was as follows :

SCHEME/PROGRAMME	PARTICIPANTS
Staff family language programme	46
Schools’ liaison scheme	19 (11 secondary schools)
Public lecture series and ‘seomra caidrimh’ activities	1250
‘Bridging the Gap’ programme	90
Total	1405

- A comprehensive document in respect to the Institute for Third Level Irish Language Education was submitted to the university. The plan was approved by Bord na Gaeilge, the four Colleges and by Governing Body.
- In accordance with provisions of the Official Languages Act (2003), a UCC special committee chaired by acting university secretary Michael O’Farrell, prepared a three year university language scheme which, having been formally approved by the university, was launched by President Michael Murphy on 18th May 2007.
- Four teaching posts were filled successfully in the Ionad. The post of teacher-manager in Dún Chíomháin, West Kerry Gaeltacht was also filled.
- A course in translation studies was held by the Ionad for the first time and was very successful. In preparation for the publication of the next English – Irish dictionary in Ireland, a special three day seminar on professional lexicography was organised by Foras na Gaeilge in association with Ionad na Gaeilge Labhartha in early September 2007. The demand for the services of the Ionad translation unit continued to expand and the translation software TRADOS was acquired to render further linguistic assistance towards the years end.
- The language teaching room G01, An Seomra Caidrimh and Dún Chíomháin were renewed, repainted and refurbished.
- The UCC Irish language hall of residence was established in 1993 and set up a part of Castlewhite Apartments. In order to ensure its continued growth and development, it was decided to transfer the hall of residence to the Brú na hOllscoile / UCC University Hall, Victoria Cross. The hall of residence has been named Áras Uí Thuama in memory of the name of the highly respected former Professor Seán Ó Tuama.

Overview of language programmes

The principal language programmes, networks and activities of An tIonad including their respective numbers of learners and participants, can be divided into three segments as follows :

1. language programmes both general and academic,
2. networks, schemes, cultural activities,
3. weekend courses in An Ghaeltacht.

I. Language programmes both general and academic

1. Undergraduate, postgraduate and mature students	182
2. An Teastas Gaeilge for PGDE students	64

3. Absolute Beginners :	
i) American JYA, Erasmus, Socrates, Tempus	303
ii) La Coruna University, Spain	06
Ruhr Universität Bochum, Germany	100
iii) University of Krakow, Poland.....	70
iv) T(EFL) Students.....	60
v) Beginner Module / Medical Students.....	06
vi) Bochum students / Course in Dún Chíomháin.....	11
4. Secondary school students <i>c/o</i> Access Office	80
5. Diploma in Applied Irish (GA1041)	15
6. BCL Law with Irish (GA2010)	09
7. Computer Skills	
i) Basic Course	08
ii) Intermediate Course	10
iii) Bridging the Gap	90
iv) Powerpoint / Blackboard for staff	50
v) Occasional Students	20
8. First years, Dept. of Modern Irish	100
9. i) UCC staff	40
ii) Staff training and induction/UCC	60
10. Members of the public (ten and twenty week evening)	430
11. Teaching methodology	
i) two teacher groups	34
ii) three trainee teacher group	06
iii) Dept. of Modern Irish tutors	08
iv) Coláistí Samhraidh	120
12. i) Precise usage	15
ii) Journalism	10
iii) Translation.....	12
13. Dingle Community School.....	13

Sub-Total : 1992

* (1835) [9% learner increase]

II. Networks, schemes, cultural activity

